# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2025

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Corpoideachas

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Nótaí bunaithe ar an Scéim Mharcála**

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid seo a leanas:

- I go leor cásanna ní thugann na nótaí tacaíochta ach príomhfhrásaí a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoi bhailíocht aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná na samplaí srl. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile srl.

Ní móide go gcuirfí marc áirithe i leith fhreagra gach fochuid de cheist; m.sh. d'fhéadfadh trí fhochuid a bheith ag baint le ceist; agus 12 mharc san iomlán curtha i leith na ceiste sin. D'fhéadfadh an scéim mharcála a bheith mar a leanas: 6 + 3 +3. Ciallaíonn sin go mbronntar 6 mharc an ceann i leith an chéad fhreagra cheart agus gur 3 mharc an ceann a bhronntar i leith gach freagra ceart ina ndiaidh sin.

Nuair atá 2 mharc ar fáil sa tuairiscín raoin:

- Má thagann an fhianaise go hiomlán leis an gcur síos nó atá cosúil leis an gcur síos ar an raon marcanna, ba chóir an marc is airde a bhronnadh.
- Mura dtagann an fhianaise ach ar éigean leis an gcur síos ar an raon marcanna, ba chóir an marc is ísle a bhronnadh.

| Annotation | Use | Marks (if applicable) |
|---|---|---|
| ✓n | Valid information | 1-12 |
| ✓ | Correct information | |
| 0 | Incorrect answer | 0 |
| ✗ | Invalid information | |
| 〰 | Significant part of answer | |
| ⌇ | Page seen by examiner | |

Tá eolas sa tábla thuas maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála.

| Roinn A | 80 marc |
|---|---|

Freagair **deich** gceist ar bith de na ceisteanna 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 11, 12.

**Ceist 1** **(8 marc)**

Déan cur síos ar **dhá** bhealach a bhféadfaí na conairí idir spórt ar scoil agus spórt sa phobal a neartú.

| Cur Síos | Marcanna |
|---|---|
| Déanann sé cur síos ar bhealaí a bhféadfaí na conairí idir spórt ar scoil agus spórt sa phobal a neartú. | **8 (2 x 4 mharc)** |
| Cur síos cruinn ar bhealach iomchuí chun conairí idir spórt ar scoil agus spórt sa phobal a neartú. | 4 |
| Roinnt cruinnis sa chur síos ar bhealach cuí chun conairí idir spórt ar scoil agus spórt sa phobal a neartú. | 2 |
| | |

**Ceist 2** **(8 marc)**

Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** chineál aiseolais atá in ann dul chun tairbhe d’fheidhmíocht lúthchleasaí.

| Cur Síos | Marcanna |
|---|---|
| Achoimre ar an gcineál aiseolais a d'fhéadfadh a bheith tairbheach d'fheidhmíocht lúthchleasaí. | **8 (4 x 2 mharc)** |
| Achoimre chuí ar an gcineál aiseolais ainmnithe a d'fhéadfadh a bheith tairbheach d'fheidhmíocht lúthchleasaíochta. | 2 |
| An cineál ceart aiseolais a cuireadh ar fáil. | 1 |
| | |

**Ceist 3** **(8 marc)**

**(a)** Mínigh steiréitíopáil ar bhonn inscne sa spórt.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Mínítear steiréitíopáil inscne sa spórt. | **4 mharc** |
| Cur síos cruinn ar steiréitíopáil inscne sa spórt. | 4 |
| Roinnt cruinnis sa chur síos ar steiréitíopáil inscne | 2 |
| | |

**(b)** Cén ról a d'fhéadfadh a bheith ag na meáin maidir le steiréitíopáil ar bhonn inscne sa spórt?

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Déanann sé cur síos ar ról na meán maidir le steiréitíopáil inscne sa spórt. | **4 mharc** |
| Cur síos mionsonraithe agus cruinn ar ról na meán a bhaineann le steiréitíopáil inscne sa spórt. | 4 |
| Roinnt mionsonraí agus cruinnis tugtha maidir le ról na meán a bhaineann le steiréitíopáil inscne sa spórt. | 2 |
| | |

**Ceist 4** **(8 marc)**

**(a)** Sainmhínigh na cineálacha spriocanna seo a leanas a bhaineann le gníomhaíocht choirp:

Sprioc ghearrthéarmach Sprioc feidhmíochta

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Sainmhíniú ar an gcineál sprice | **4 (2 x 2 mharc)** |
| Sainmhíniú cruinn. | 2 |
| Sainmhíniú sórt cruinn | 1 |
| | |

**(b)** Scríobh síos sprioc feidhmíochta ghearrthéarmach.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Sprioc cuí i scríbhinn tugtha | **4 mharc** |
| Sprioc ghearrthéarmach chruinn intomhaiste curtha i láthair | 4 |
| Roinnt cruinneas sa sprioc scríofa a chuirtear i láthair (rud 1 in easnamh) | 3 |
| Roinnt cruinneas sa sprioc scríofa a chuirtear i láthair (2 rud in easnamh) | 2 |
| Sprioc nach bhfuil ábhartha | 1 |
| | |

**Ceist 5** **(8 marc)**

Déan cur síos ar **dhá** chatagóir de dhrugaí a chuireann leis an bhfeidhmíocht.

**Ní ceadmhach** duit stéaróidigh anabalacha a lua mar cheann de do fhreagraí.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Déanann sé cur síos ar an gcatagóir druga a chuireann leis an bhfeidhmiú. | **8 (2 x4 mharc)** |
| Cur síos mionsonraithe agus cruinn ar an gcatagóir druga a chuireann leis an bhfeidhmiú. (Catagóir & Úsáid cheart...) | 4 |
| Catagóir druga a chuireann leis an bhfeidhmiú ainmnithe i gceart. | 2 |
| | |

**Ceist 6** **(8 marc)**

Tá na prionsabail a bhaineann le cleachtadh éifeachtach tábhachtach maidir le seisiúin cleachtaithe scileanna a dhearadh.

**(a)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** phrionsabal a bhaineann le cleachtadh éifeachtach.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Achoimre ar phrionsabail a bhaineann le cleachtadh éifeachtach. | **4 (2 x 2 mharc)** |
| Cruinneas sna mionsonraí a thugtar ar phrionsabal an chleachtais éifeachtaigh atá ainmnithe i gceart. | 2 |
| Roinnt cruinnis in imlíne phrionsabal an chleachtais éifeachtaigh<br>nó<br>Aithníodh an prionsabal ceart den chleachtadh éifeachtach. | 1 |
| | |

**(b)** Cén dóigh a n-úsáidfeá ceann **amháin** de na prionsabail ar thug tú breac-chuntas air i g**Ceist 6 (a)** chun scil a fhorbairt i seisiún cleachtaidh?

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Feabhas/forbairt scileanna a lorg. | **4 mharc** |
| Cur síos mionsonraithe agus cruinn ar an gcaoi a n-úsáidtear prionsabal an chleachtais éifeachtaigh chun scil a fhorbairt i seisiún cleachtais. | 4 |
| Roinnt mionsonraí agus cruinnis sa cur síos ar an gcaoi a n-úsáidtear prionsabal an chleachtais éifeachtaigh chun scil a fhorbairt. | 2 |
| | |

**Ceist 7** **(8 marc)**

**(a)** Mínigh 'gníomhaíocht choirp oiriúnaithe'.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Mínítear gníomhaíocht choirp oiriúnaithe. | **2 mharc** |
| Cur síos mionsonraithe agus cruinn ar ghníomhaíocht choirp oiriúnaithe. | 2 |
| Roinnt mionsonraí agus cruinnis sa cur síos ar ghníomhaíocht choirp oiriúnaithe. | 1 |
| | |

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach a bhféadfadh scoil nó pobal soláthar a dhéanamh do ghníomhaíocht choirp oiriúnaithe.

Cuir tic sa bhosca le cur in iúl cén comhthéacs ina bhfuil tú ag freagairt – scoil nó pobal.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Achoimre ar bhealach a bhféadfadh scoil nó pobal soláthar a dhéanamh do ghníomhaíocht choirp oiriúnaithe. | **6 (2 x 3 mharc)** |
| Achoimre chruinn ar bhealach a bhféadfadh scoil nó pobal soláthar a dhéanamh do ghníomhaíocht choirp oiriúnaithe. | 3 |
| Roinnt cruinnis sa cur síos ar bhealach a bhféadfadh scoil nó pobal soláthar a dhéanamh do ghníomhaíocht choirp oiriúnaithe. | 2 |
| Bealach cuí ainmnithe. | 1 |
| | |

**Ceist 8** **(8 marc)**

**(a)** Mar chuid den staidéar a rinne tú ar an gCorpoideachas don Ardteistiméireacht rinne tú comparáid idir d'fheidhmíocht féin agus feidhmíocht eiseamláire / gníomhaí níos oilte.

Déan cur síos ar an dóigh a ndearna tú an anailís sin.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Déanann sé cur síos ar an gcaoi a ndearnadh an anailís. | **4 mharc** |
| Cur síos mionsonraithe agus cruinn ar an gcaoi a ndearnadh an anailís. | 4 |
| Roinnt cruinnis agus mionsonraí sa cur síos ar an gcaoi a ndearnadh an anailís. | 2 |
| | |

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chritéar aeistéitiúla/ealaíne den fheidhmíocht i ngníomhaíocht choirp ainmnithe de do rogha féin.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Achoimre ar chritéar aeistéitiúla/ealaíne den fheidhmíocht i ngníomhaíocht choirp ainmnithe. | **4(2 x 2 mharc)** |
| Cruinnis sa cur síos ar chritéar aeistéitiúla/ealaíne den fheidhmíocht i ngníomhaíocht choirp ainmnithe. | 2 |
| Roinnt cruinnis sa cur síos ar chritéar aeistéitiúla/ealaíne den fheidhmíocht i ngníomhaíocht choirp ainmnithe. | 1 |
| | |

**Ceist 9** **(8 marc)**

**(a)** Mínigh 'spóirt oll-ranpháirtíochta,' coincheap de chuid na gníomhaíochta coirp.

| Cur Síos | Marcanna |
|---|---|
| Mínítear spóirt oll-rannpháirtíochta, coincheap de chuid na gníomhaíochta coirp. | **2 mharc** |
| Míniú soiléir ar oll-rannpháirtíocht sa spórt. | 2 |
| | |

**(b)** Sainaithin **dhá** 'ghníomhaíocht lasmuigh agus gníomhaíocht eachtraíochta'.

| Cur Síos | Marcanna |
|---|---|
| Sainaithnítear **dhá** ghníomhaíocht lasmuigh agus gníomhaíocht eachtraíochta. | **2 (1+1 mharc)** |
| Sainaithníodh gníomhaíocht cuí lasmuigh agus gníomhaíocht cuí eachtraíochta. | 1 |
| | |

**(c)** Sainmhínigh 'corpoideachas,' coincheap de chuid na gníomhaíochta coirp.

| Cur Síos | Marcanna |
|---|---|
| Sainaithnítear coincheap na gníomhaíochta coirp - corpoideachas. | **4 mharc** |
| Cur síos mionsonraithe agus cruinn ar choincheap na gníomhaíochta coirp - corpoideachas. | 4 |
| Sainmhíniú sórt cruinn. | 2 |
| | |

**Ceist 10** **(8 marc)**

**(a)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thairbhe is féidir le gníomhaithe a bhaint as deochanna spóirt.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Leagtar amach an tairbhe a bhaineann le deochanna spóirt. | **4 (2 x 2 mharc)** |
| Sonraí agus cruinneas san achoimre ar an tairbhe a bhaineann le deochanna spóirt do ghníomhaithe. | 2 |
| Roinnt cruinnis san achoimre ar an tairbhe a bhaineann le deochanna spóirt do ghníomhaithe. | 1 |
| | |

**(b)** Ainmnigh forlíonadh spóirt a úsáideann lúthchleasaithe agus cosain an fáth a n-úsáidfeadh lúthchleasaithe an forlíonadh sin.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Forlíonadh spóirt ainmnithe<br>Ráiteas cruinn | **4 (2+2mharc)** |
| Forlíonadh spóirt cuí ainmnithe. | 2 |
| | |
| Údar mionsonraithe agus cruinn maidir leis an gcúis go bhféadfadh lúthchleasaithe an forlíonadh seo a úsáid. | 2 |
| Roinnt mionsonraí agus cruinnis maidir leis an t-údar go bhféadfadh lúthchleasaithe an forlíonadh seo a úsáid. | 1 |
| | |

**Ceist 11** **(8 marc)**

Mínigh **dhá** struchtúr **nó dhá** straitéis ar féidir leo cuidiú le lúthcheasaí nó le foireann ionas go n-éireoidh leo.

**Bain úsáid as samplaí de ghníomhaíocht choirp chun tacú le do fhreagra.**

Cuir tic sa bhosca le cur in iúl cén comhthéacs atá á fhreagairt agat – struchtúir nó straitéisí.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Mínítear **dhá** struchtúr **nó dhá** straitéis ar féidir leo cuidiú le lúthch;easaí nó le foireann ionas go n-éireoidh leo. | **8 (2 x 4 mharc)** |
| Cur síos cruinn ar an struchtúr **nó** an straitéis ar féidir leo cuidiú le lúthchleasaí nó le foireann ionas go n-éireoidh leo. | 4 |
| Cur síos cruinn ar an struchtúr **nó** an straitéis ar féidir leo cuidiú le lúthchleasaí nó le foireann ionas go n-éireoidh leo. | 2 |
| | |

**Ceist 12** **(8 marc)**

**(a)** Sainaithin **trí** bhealach a gcuirtear rialacha frithdhópála na hÉireann i bhfeidhm.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Bealaí a gcuirtear rialacha frithdhópála na hÉireann i bhfeidhm. | **6 (3 x 2 mharc)** |
| Bealach cuí curtha ar fáil | 2 |
| | |

**(b)** Cén cúinse a thabharfadh cead do lúthchleasaí dul ag iomaíocht agus substaintí coiscthe ina chorp aige?

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cúinse cuí | **2 mharc** |
| Cúinse cuí ainmnithe | 2 |
| | |

| **Roinn B** | **Cás-Staidéar** | **50 marc** |
|---|---|---|

Freagair ceist 13.

**Ceist 13** **(50 marc)**

**13(a) (i)** Sainaithin agus sainmhínigh **dhá** choincheap den ghníomhaíocht choirp atá ainmnithe sa chás-staidéar.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Sainaithnítear coincheapa cearta<br><br>Sainaithnítear coincheapa | **6 mharc:**<br>**3**<br>**+**<br>**3** |
| | |
| Sainmhíniú mionsonraithe agus cruinn ar choincheap | 1-3 |
| | |

**13(a) (ii)** Déan plé ar na tairbhí pearsanta agus sóisialta, a luadh sa chás-staidéar, atá le baint ag páistí as bheith páirteach i ngníomhaíochtaí caithimh.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Déantar plé ar na tairbhí pearsanta agus sóisialta, a luadh sa chás-staidéar, atá le baint ag páistí as bheith páirteach i ngníomhaíochtaí caithimh. | **6 mharc** |
| Plé mionsonraithe agus cruinn ar tairbhí pearsanta agus sóisialta. | 5-6 |
| Roinnt cruinnis sa phlé ar tairbhí pearsanta agus sóisialta. | 3-4 |
| Plé teoranta. | 1-2 |
| | |

**13(b)** Ainmnigh scil ina n-úsáidtear luamhán den 3ú haicme i ngníomhaíocht choirp ainmnithe de do rogha féin.

Cosain an fáth ar sampla de luamhán den 3ú haicme í an scil seo.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Scil luamháin den 3ú haicme a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp ainmnithe a thugtar. | **6 mharc:** |
| Taispeánann an chosaint go bhfuil tuiscint éigin ag an iarrthóir ar an bhfáth gur sampla í an scil seo de luamhán den 3ú haicme. | 1-6 |
| | |

**13(c) (i)** Bunaithe ar an gcur síos a dhéantar ar chaitheamh na sleá sa chás-staidéar, ainmnigh modh cleachtaithe scile atá oiriúnach le scil caiteora sleá a fhorbairt.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Modh chuí ainmnithe | **2 mharc** |
| Modh cleachtaidh cuí | 2 |
| | |

**13(c) (ii)** Mínigh an dóigh a gcuirfeá an modh cleachtaidh a d'ainmnigh tú i **gCeist 13 (c) (i)** i bhfeidhm chun scil caiteora sleá a fheabhsú.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos ar an gcaoi a gcuirfeadh an t-iarrthóir an modh cleachtaidh seo i bhfeidhm chun scil scil caiteora sleá a fheabhsú. | **6 mharc** |
| Cur síos mionsonraithe agus cruinn ar an gcaoi a gcuirfeadh an t-iarrthóir an modh cleachtaidh seo i bhfeidhm chun scil a fheabhsú. | 4-6 |
| Cruinnis reásúnta sa chur síos ar an gcaoi a gcuirfeadh an t-iarrthóir an modh cleachtaidh seo i bhfeidhm chun scil a fheabhsú. | 1-3 |
| | |

**13(c) (iii)** Cén plána gluaiseachta ina ngluaiseann caiteoirí an oird den chuid is mó?

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Plána ceart na gluaiseachta ainmnithe | **2 mharc** |
| Plána trasnach | 2 |
| | |

**13(d) (i)** Agus úsáid á baint agat as **Fíor 9** mol cén chomhpháirt den chorpacmhainn a d'fhéadfaí a fhorbairt mar thoradh ar uirlisí éadroma a chaitheamh le linn traenála. Cosain an fáth a bhféadfaí an chomhpháirt sin a fhorbairt mar thoradh ar uirlisí éadroma a chaitheamh.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Aithníodh an chomhpháirt cheart<br><br>Cosaint leis an bhfreagra | **6 mharc:**<br>**3**<br>**+**<br>**3** |
| | |
| Aithníodh an chomhpháirt cheart | 3 |
| | |
| Tá an chosaint cruinn | 1-3 |
| | |

**13(d) (ii)** Agus úsáid á baint agat as **Fíor 9** mol cén chomhpháirt den chorpacmhainn a d'fhéadfaí a fhorbairt mar thoradh ar uirlisí troma a chaitheamh le linn traenála. Cosain an fáth a bhféadfaí an chomhpháirt sin a fhorbairt mar thoradh ar uirlisí troma a chaitheamh.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Aithníodh an chomhpháirt cheart<br><br>Consaint leis an bhfreagra | **6 mharc:**<br>**3**<br>**+**<br>**3** |
| | |
| Aithníodh an chomhpháirt cheart | 3 |
| | |
| Tá an chosaint cruinn | 1-3 |
| | |

**13(e) (i)** Luaigh **dhá** thionchar a d’fhéadfadh a bheith ag stéaróidigh anabalacha ar fheidhmíocht lúthchleasaí.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Luaigh **dhá** thionchar a d’fhéadfadh a bheith ag stéaróidigh anabalacha ar fheidhmíocht lúthchleasaí. | **4 (2 x 2 mharc)** |
| Moladh cuí | 2 |
| | |

**13(e) (ii)** Mínigh an dóigh **nach** raibh DP Manu ag cloí le prionsabail an chleachtais eiticiúil nuair a ghlac sé meitiltéististéarón.

Ní mór duit tagairt a dhéanamh do ar a laghad **dhá** phrionsabal den chleachtas eiticiúil i do fhreagra.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Míniú ar an dóigh nach raibh DP Manu ag cloí le prionsabail an chleachtais eiticiúil nuair a ghlac sé meitiltéististéarón. | **6 mharc** |
| Cur síos mionsonraithe agus cruinn ar an dóigh nach raibh DP Manu ag cloí le prionsabail an chleachtais eiticiúil nuair a ghlac sé meitiltéististéarón.<br>Dhá phrionsabal cuí den chleachtas eiticiúil dá dtagraítear. | 5-6 |
| Roinnt mionsonraithe agus cruinneas sa chur síos ar an dóigh nach raibh DP Manu ag cloí le prionsabail an chleachtais eiticiúil nuair a ghlac sé meitiltéististéarón.<br>Prionsabal cuí den chleachtas eiticiúil dá dtagraítear. | 3-4 |
| Is beag cruinneas nó mionsonraí sa chur síos ar an dóigh nach raibh DP Manu ag cloí le prionsabail an chleachtais eiticiúil nuair a ghlac sé meitiltéististéarón. | 1-2 |
| | |

| Roinn C | 80 marc |
|---|---|

Freagair **trí** cheist ar bith as na ceisteanna 14, 15, 16, 17, 18.

**Ceist 14** **(40 marc)**

**14(a) (i)** Sainmhínigh na comhpháirteanna seo den chorpacmhainn a bhaineann le sláinte:

*Fulangacht Chardairiospráideach* *Comhdhéanamh an choirp*
*Solúbthacht*

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Sainmhíniú ar chomhpháirt den chorpacmhainn a bhaineann le sláinte. | **6 (3 x 2 mharc)** |
| Sainmhíniú soiléir agus cruinn. | 2 |
| | |

**14(a) (ii)** Cuir an prionsabal MDAC (FITT i mBéarla) i bhfeidhm ar cheann amháin de na comhpháirteanna seo a leanas den chorpacmhainn a bhaineann le sláinte:

*Fulangacht Chardairiospráideach* *Comhdhéanamh an choirp*
*Solúbthacht*

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Prionsabal MDAC (FITT i mBéarla) a chuirtear i bhfeidhm i gceart maidir le comhpháirt roghnaithe d'oiriúnacht a bhaineann le sláinte. | **4 (4 x 1 mharc)** |
| Minicíocht | 1 |
| Déine | 1 |
| Am | 1 |
| Cineál | 1 |
| | |

**14(b) (i)** Sainmhínigh ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas:

*Idirdhealú Steiréitíopáil Ionchuimsiú Claontacht*

Cuir tic sa bhosca le cur in iúl cén téarma atá á shainmhíniú agat.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Sanmhíniú ar idirdhealú nó steiréitíopáil nó ionchuimsiú nó claontacht. | **2 mharc** |
| Sainmhíniú soiléir agus cruinn. | 2 |
| Sainmhíniú sórt cruinn. | 1 |
| | |

**14(b) (ii)** Mínigh an coincheap cothrom na Féinne sa spórt maidir leis an tionchar atá aige ar rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp agus sa spórt.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Míniú ar an gcoincheap cothrom na Féinne sa spórt maidir leis an tionchar atá aige ar rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp agus sa spórt. | **6 mharc** |
| Cur síos mionsonraithe agus cruinn ar an gcoincheap cothrom na Féinne sa spórt maidir leis an tionchar atá aige ar rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp agus sa spórt. | 5-6 |
| Roinnt mionsonraí agus cruinneas sa chur síos ar an gcoincheap cothrom na Féinne sa spórt maidir leis an tionchar atá aige ar rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp agus sa spórt. | 3-4 |
| Is beag cruinneas nó mionsonraí sa chur síos ar an gcoincheap cothrom na Féinne sa spórt. | 1-2 |
| | |

**14(c)** Déan plé ar **dhá** fhorbairt i ngníomhaíoht choirp agus spórt, ó 2005, maidir le ceann **amháin** de na grúpaí seo a leanas:

- Mná
- Daoine faoi mhíchumas intleachta
- Daoine fásta scothaosta
- Grúpaí eitneacha difriúla
- Daoine faoi mhíchumas coirp
- Grúpaí socheacnamaíocha difriúla

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Plé ar na forbairtí i ngníomhaíocht choirp agus sa spórt do **cheann** de na grúpaí le 20 bliain anuas. | **10 (5x2 mharc)** |
| Mionsonraí agus cruinneas an-mhaith sa phlé ar na forbairtí i ngníomhaíocht choirp agus sa spórt do **cheann** de na grúpaí le 20 bliain anuas. | 5 |
| Roinnt mionsonraí agus cruinneas sa phlé ar na forbairtí i ngníomhaíocht choirp agus sa spórt do **cheann** de na grúpaí le 20 bliain anuas. | 3-4 |
| Is beag cruinneas nó sonraí sa phlé ar na forbairtí i ngníomhaíocht choirp agus sa spórt do **cheann** de na grúpaí le 20 bliain anuas. | 1-2 |
| | |

**14(d)** Scrúdaigh an dóigh a bhfuil dul chun cinn sa teicneolaíocht tar éis dul i bhfeidhm ar ghníomhaithe.
**Bain úsáid as samplaí de ghníomhaíocht choirp chun tacú le do fhreagra.**

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Scrúdaítear an dóigh a bhfuil dul chun cinn sa teicneolaíocht tar éis dul i bhfeidhm ar ghníomhaithe ar bhealach a nochtann barúlacha agus idirghaolmhaireachtaí na ceiste seo. | **12 mharc** |
| Mionsonraí agus cruinneas iontach sa scrúdú ar an dóigh a bhfuil dul chun cinn sa teicneolaíocht tar éis dul i bhfeidhm ar ghníomhaithe; trí shampla gníomhaíochta coirp ar a laghad. | 10 -12 |
| Mionsonraí agus cruinneas maith sa scrúdú ar an dóigh a bhfuil dul chun cinn sa teicneolaíocht tar éis dul i bhfeidhm ar ghníomhaithe; dhá shampla gníomhaíochta coirp. | 7 -9 |
| Roinnt mionsonraí agus cruinneas sa scrúdú ar an dóigh a bhfuil dul chun cinn sa teicneolaíocht tar éis dul i bhfeidhm ar ghníomhaithe; sampla amháin ar a laghad de gníomhaíochta coirp. | 4 -6 |
| Is beag cruinneas nó mionsonraí atá ar fáil sa scrúdú. | 1 - 3 |
| | |

**Ceist 15** **(40 marc)**

**15(a) (i)** Sainaithin **dhá** mhodh is féidir a úsáid chun anailís a dhéanamh ar scil agus ar theicníc lúthchleasaí, agus **dhá** mhodh is féidir a úsáid chun anailís a dhéanamh ar chorpacmhainn an lúthchleasaí a bhaineann leis an bhfeidhmíocht.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Sainaithin **dhá** mhodh is féidir a úsáid chun anailís a dhéanamh ar scil agus ar theicníc lúthchleasaí.<br>Sainaithin **dhá** mhodh is féidir a úsáid chun anailís a dhéanamh ar chorpacmhainn an lúthchleasaí a bhaineann leis an bhfeidhmíocht. | **4 mharc:**<br>**2 (2 x 1 mharc)**<br>**+**<br>**2 (2 x 1 mharc)** |
| Modh ceart anailíse ainmnithe. | 1 |
| Tástáil ceart ainmnithe. | 1 |
| | |

**15(a) (ii)** Mínigh an dóigh a bhféadfadh baint a bheith ag cód eitice le ceann **amháin** díobh seo a leanas:

*Rannpháirtí* *Tuismitheoir* *Duine den lucht féachana* *Cóitseálaí Oifigeach Club.*

Cuir tic sa bhosca le cur in iúl cén grúpa atá á fhreagairt agat.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos ar an dóigh a bhféadfadh baint a bheith ag cód eitice leis an ngrúpa roghnaithe. | **4 mharc** |
| Cur síos mionsonraithe agus cruinn ar an dóigh a bhféadfadh baint a bheith ag cód eitice leis an ngrúpa roghnaithe. | 3-4 |
| Roinnt mionsonraí agus cruinneas sa chur síos ar an dóigh a bhféadfadh baint a bheith ag cód eitice leis an ngrúpa roghnaithe. | 1-2 |
| | |

**15 (b)** Ainmnigh **dhá** phrionsabal den traenáil agus mínigh an dóigh a bhféadfadh cóitseálaí úsáid a bhaint as na prionsabail sin agus é/í i mbun cláir thraenála a dhearadh.

**Bain úsáid as samplaí de ghníomhaíocht choirp chun tacú le do fhreagra.**

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Ainmnigh agus mínigh an chaoi gur féidir cóitseálaí úsáid a bhaint as 2 phrionsabal agus é/í i mbun cláir thraenála a dhearadh. | **10 marc:** **(2 x (1+4 mharc)** |
| | |
| Prionsabal Traenála Ceart. | 1 |
| Prionsabal Traenála Ceart eile. | 1 |
| | |
| Cur síos mionsonraithe agus cruinn ar an gcaoi a gcuirtear prionsabail traenála i bhfeidhm i samplaí ábhartha gníomhaíochta coirp. | 3-4 |
| Roinnt mioneolais agus cruinnis sa mhíniú. | 1-2 |
| | |

**15 (c)** Déan plé ar cháilíochtaí pearsanta agus teicniúla atá de dhíth ionas go mbeidh rath ar chóitseáil sa spórt.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Déan plé ar cháilíochtaí pearsanta agus teicniúla atá de dhíth ionas go mbeidh rath ar chóitseáil sa spórt. | **10 (2 x 5 mharc)** |
| Mionsonraí agus cruinneas iontach sa phlé ar na cáilíochtaí atá de dhíth ionas go mbeidh rath ar chóitseáil sa spórt. | 5 |
| Mionsonraí agus cruinneas maith sa phlé ar na cáilíochtaí atá de dhíth ionas go mbeidh rath ar chóitseáil sa spórt. | 3-4 |
| Roinnt mionsonraí agus cruinneas sa phlé ar na cáilíochtaí atá de dhíth ionas go mbeidh rath ar chóitseáil sa spórt. | 1-2 |
| | |

**15 (d)** Scrúdaigh an dóigh a bhfuil forbairtí sa teicneolaíocht tar éis tionchar a bheith acu ar chóitseálaithe nó ar chóiréagrafaithe. Bain úsáid as samplaí de ghníomhaíocht choirp chun tacú le do fhreagra.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Scrúdaítear an dóigh a bhfuil dul chun cinn sa teicneolaíocht tar éis dul i bhfeidhm ar chóitseálaithe nó ar chóiréagrafaithe ar bhealach a nochtann barúlacha agus idirghaolmhaireachtaí na ceiste seo. | **12 mharc** |
| Mionsonraí agus cruinneas iontach sa scrúdú ar an dóigh a bhfuil dul chun cinn sa teicneolaíocht tar éis dul i bhfeidhm ar chóitseálaithe nó ar chóiréagrafaithe ar bhealach a nochtann barúlacha agus idirghaolmhaireachtaí na ceiste seo. | 10 - 12 |
| Mionsonraí agus cruinneas maith sa scrúdú ar an dóigh a bhfuil dul chun cinn sa teicneolaíocht tar éis dul i bhfeidhm ar chóitseálaithe nó ar chóiréagrafaithe ar bhealach a nochtann barúlacha agus idirghaolmhaireachtaí na ceiste seo. | 7 - 9 |
| Roinnt mionsonraí agus cruinneas sa scrúdú ar an dóigh a bhfuil dul chun cinn sa teicneolaíocht tar éis dul i bhfeidhm ar chóitseálaithe nó ar chóiréagrafaithe ar bhealach a nochtann barúlacha agus idirghaolmhaireachtaí na ceiste seo. | 4 - 6 |
| Is beag cruinneas nó mionsonraí atá ar fáil sa scrúdú. | 1 - 3 |
| | |

**Ceist 16** **(40 marc)**

**16 (a)(i)** Is minic a mholtar do dhaoine sonraí a bhaineann lena ngníomhaíocht choirp a bhailiú ionas gur féidir leo monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil a gcuid gníomhaíochta coirp.

Sainaithin **trí** mhodh chun sonraí a bhaineann le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp a bhailiú.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Modhanna sainaitheanta chun sonraí a bhailiú maidir le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp. | **3 (3 x 1 mharc)** |
| Modh cuí ainmnithe. | 1 |
| | |

**16(a) (ii)** Pléigh na buntáistí eacnamaíocha a bhaineann le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Plé ar na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann le gníomhaíocht choirp don tsláinte agus don fholláine i measc daoine fásta. | **6 mharc** |
| Plé mionsonraithe agus cruinn ar na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann le gníomhaíocht choirp don tsláinte agus don fholláine i measc daoine fásta. (níos mó ná 1). | 5-6 |
| Roinnt mionsonraí agus cruinneas sa phlé ar na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann le gníomhaíocht choirp don tsláinte agus don fholláine i measc daoine fásta. (níos mó ná 1). | 3-4 |
| Is beag cruinneas sa phlé ar na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann le gníomhaíocht choirp don tsláinte agus don fholláine i measc daoine fásta. | 1-2 |
| | |

**16 (b) (i)** Sainmhínigh cumas.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Sainmhínigh cumas. | **2 mharc** |
| Sainmhíniú cruinn. | 2 |
| | |

**16(b) (ii)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chéim a bhaineann le scil nua a fhoghlaim.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chéim a bhaineann le scil nua a fhoghlaim.<br>Céim ainmniúcháin.<br><br>Céim imlíneach. | **9 marc:**<br>**(3 x 1 mharc**<br>**+**<br>**3 x 2 mharc)** |
| Céim na foghlama ainmnithe i gceart. | 1 |
| | |
| Achoimre chruinn ar an gcéim ina bhfoghlaimítear scil nua. | 2 |
| Roinnt cruinnis in achoimre na céime ina bhfoghlaimítear scil nua. | 1 |
| | |

**16 (c)** Sainaithin **dhá** chur chuige don traenáil taobh amuigh de ghníomhaíocht choirp ainmnithe a bhféadfadh lúthchleasaí úsáid a bhaint astu. Déan plé ar an dóigh a bhféadfadh gach ceann de na cuir chuige sin cuidiú leis an bhfeidhmíocht a fheabhsú.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Sainaithnítear dhá chur chuige don traenáil taobh amuigh de ghníomhaíocht choirp ainmnithe a bhféadfadh lúthchleasaí úsáid a bhaint astu.<br>Déan plé ar an dóigh a bhféadfadh an cuir chuige seo cuidiú leis an bhfeidhmíocht a fheabhsú. | **8 marc:**<br>**(2x 1 mharc**<br>**+**<br>**2x 3 mharc)** |
| | |
| Cur chuige cuí i leith na traenála a ainmnithe. | 1 |
| Plé mionsonraithe agus cruinn ar an gcaoi a bhféadfadh na cineálacha cur chuige traenála a sainaithníodh i gceart cabhrú le feidhmíocht a fheabhsú. | 3 |
| Roinnt mionsonraí agus cruinneas sa phlé ar an gcaoi a bhféadfadh na cineálacha cur chuige traenála a sainaithníodh i gceart cabhrú le feidhmíocht a fheabhsú. | 1-2 |
| | |

**16 (d)** Déan anailís ar an dóigh a bhfuil clúdach na meán tar éis tionchar a bheith aige ar iompar an lucht féachana.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Anailís ar an dóigh a bhfuil clúdach na meán tar éis tionchar a bheith aige ar iompar an lucht féachana. | **12 mharc** |
| Mionsonraí agus cruinneas iontach san anailís ar an dóigh a bhfuil clúdach na meán tar éis tionchar a bheith aige ar iompar an lucht féachana. (dhá ar a laghad). | 10 - 12 |
| Mionsonraí agus cruinneas maith san anailís ar an dóigh a bhfuil clúdach na meán tar éis tionchar a bheith aige ar iompar an lucht féachana. (dhá ar a laghad). | 7 - 9 |
| Roinnt mionsonraí agus cruinneas san anailís ar an dóigh a bhfuil clúdach na meán tar éis tionchar a bheith aige ar iompar an lucht féachana. | 4 - 6 |
| Is beag mionsonraí agus cruinneas san anailís ar an dóigh a bhfuil clúdach na meán tar éis tionchar a bheith aige ar iompar an lucht féachana. | 1 - 3 |
| | |

**Ceist 17** **(40 marc)**

**17(a)** Sainaithin **dhá** chomhpháirt den chorpacmhainn a bhaineann leis an bhfeidhmíocht atá tábhachtach i ngníomhaíocht choirp ainmnithe de do rogha féin. Cosain an fáth a bhfuil na comhpháirteanna sin tábhachtach sa ghníomhaíocht choirp ainmnithe.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Sainaithnítear chomhpháirt den chorpacmhainn a bhaineann leis an bhfeidhmíocht atá tábhachtach i ngníomhaíocht choirp ainmnithe.<br>Údar maidir leis an bhfáth a bhfuil na comhpháirteanna tábhachtach sa ghníomhaíocht. | **8 marc:**<br>**2(2x 1 mharc)**<br>**+**<br>**6(2 x 3 mharc)** |
| Chomhpháirt den chorpacmhainn a bhaineann leis an bhfeidhmíocht cuí. | 1 |
| | |
| Údar mionsonraithe agus cruinn maidir leis an bhfáth a bhfuil comhpháirt den chorpacmhainn a bhaineann leis an bhfeidhmíocht tábhachtach i ngníomhaíocht choirp ainmnithe. | 3 |
| Údar maith maidir leis an bhfáth a bhfuil comhpháirt den chorpacmhainn a bhaineann leis an bhfeidhmíocht tábhachtach i ngníomhaíocht choirp ainmnithe. | 2 |
| Údar teoranta maidir leis an bhfáth a bhfuil comhpháirt den chorpacmhainn a bhaineann leis an bhfeidhmíocht tábhachtach i ngníomhaíocht choirp ainmnithe. | 1 |
| | |

**17 (b)** **(i)** Déan plé ar an dóigh a gcuidíonn straitéis shíceolaíoch ainmnithe le lúthchleasaithe a gcomhdhíriú meabhrach i gcomhair feidhmíocht spóirt a fhorbairt.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Plé ar an dóigh a gcuidíonn straitéis shíceolaíoch ainmnithe le lúthchleasaithe a gcomhdhíriú meabhrach i gcomhair feidhmíocht spóirt a fhorbairt. | **4 mharc** |
| Plé mionsonraithe agus cruinn ar an dóigh a gcuidíonn straitéis shíceolaíoch ainmnithe le lúthchleasaithe a gcomhdhíriú meabhrach i gcomhair feidhmíocht spóirt a fhorbairt. | 3 - 4 |
| Roinnt mionsonraí agus cruinneas sa phlé ar an dóigh a gcuidíonn straitéis shíceolaíoch ainmnithe le lúthchleasaithe a gcomhdhíriú meabhrach i gcomhair feidhmíocht spóirt a fhorbairt. | 1 - 2 |
| | |

**17(b) (ii)** Mínigh an fáth a ndéanfadh lúthchleasaithe anailís ar fheidhmíocht.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Mínigh an fáth a ndéanfadh lúthchleasaithe anailís ar fheidhmíocht. | **4 mharc** |
| Cur síos mionsonraithe agus cruinn ar an bhfáth a ndéanfadh lúthchleasaithe anailís ar fheidhmíocht. | 3 - 4 |
| Roinnt mionsonraí agus cruinneas sa chur síos ar an bhfáth a ndéanfadh lúthchleasaithe anailís ar fheidhmíocht. | 1 - 2 |
| | |

**17 (c)** Déan cur síos ar **thrí** thacaíocht do rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp i scoileanna.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos ar thacaíocht do rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp i scoileanna. | **10 (4 + 3 + 3 mharc)** |
| Cur síos mionsonraithe agus cruinn ar thacaíocht do rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp i scoileanna. | 3-4 |
| Roinnt mionsonraí agus cruinneas sa chur síos ar thacaíocht do rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp i scoileanna. | 1-2 |
| | |

**17 (d)** I gcás rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí coirp oiriúnaithe, scrúdaigh bealaí ina bhféadfaí deiseanna a chur ar fáil do na rannpháirtithe sin chun barr feabhais a bhaint amach.

| **Cur Síos** | **14 mharc** |
|---|---|
| Scrúdaítear bealaí ina bhféadfaí deiseanna a chur ar fáil do rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí coirp oiriúnaithe chun barr feabhais a bhaint amach ar bhealach a nochtann barúlacha agus idirghaolta na saincheiste seo. | **12 mharc** |
| Mionsonraí iontach sa scrúdú ar bealaí ina bhféadfaí deiseanna a chur ar fáil do rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí coirp oiriúnaithe chun barr feabhais a bhaint amach. | 10 - 12 |
| Mionsonraí agus cruinneas an-mhaith sa scrúdú ar bealaí ina bhféadfaí deiseanna a chur ar fáil do rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí coirp oiriúnaithe chun barr feabhais a bhaint amach. | 7 - 9 |
| Roinnt mionsonraí agus cruinneas a scrúdú ar bealaí ina bhféadfaí deiseanna a chur ar fáil do rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí coirp oiriúnaithe chun barr feabhais a bhaint amach. | 4 - 6 |
| Is beag cruinneas nó mionsonraí atá ar fáil sa scrúdú. | 1 - 3 |
| | |
| Sampla de gníomhaíochtaí coirp oiriúnaithe tugtha. | + 2 |
| | |

**Ceist 18** **(40 marc)**

**18 (a) (i)** Sainmhínigh cleasaíocht mhíspórtúil mar a bhaineann sí le gníomhaíocht choirp agus le spórt.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Sainmhíniú ar cleasaíocht mhíspórtúil. | **2 mharc** |
| Cuireadh sainmhíniú cruinn ar fáil. | 2 |
| Roinnt cruinnis sa sainmhíniú a cuireadh ar fáil. | 1 |
| | |

**18 (a) (ii)** Tabhair **dhá** shampla de chleasaíocht mhíspórtúil.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Samplaí de chleasaíocht mhíspórtúil sa ghníomhaíocht choirp agus sa spórt. | **2 (2 x 1 mharc)** |
| Cuireadh sampla cruinn ar fáil. | 1 |
| | |

**18(a) (iii)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** rialúchán sábháilteachta i ngníomhaíocht choirp ainmnithe de do rogha féin.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Tabhair breac-chuntas ar **thrí** rialúchán sábháilteachta i ngníomhaíocht choirp ainmnithe de do rogha féin. | **6 (3 x 2 mharc)** |
| Na rialacháin sábháilteachta cearta atá oiriúnach don ghníomhaíocht choirp ainmnithe. | 2 mharc |
| Tá nasc éigin idir an rialáil sábháilteachta agus an ghníomhaíocht choirp. | 1 mharc |
| | |

**18 (b) (i)** Sainmhínigh ró-thraenáil.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Sainmhíniú ar ró-thraenáil. | **2 mharc** |
| Cuireadh sainmhíniú cruinn ar fáil. | 2 |
| Roinnt cruinnis sa sainmhíniú a cuireadh ar fáil. | 1 |
| | |

**18(b) (ii)** Mínigh **dhá** bhealach ar féidir sceideal traenála a dhearadh chun ró-thraenáil lúthchleasaithe a sheachaint.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Mínítear dhá bhealach ar féidir sceideal traenála a dhearadh chun ró-thraenáil lúthchleasaithe a sheachaint. | **6 (2 x 3 mharc)** |
| Cur síos mionsonraithe agus cruinn ar bhealach ar féidir sceideal traenála a dhearadh chun ró-thraenáil lúthchleasaithe a sheachaint. | 3 |
| Roinnt mionsonraí agus cruinneas sa chur síos ar bhealach ar féidir sceideal traenála a dhearadh chun ró-thraenáil lúthchleasaithe a sheachaint. | 2 |
| Míniú teoranta. | 1 |
| | |

**18 (c)** Mínigh na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann do ghníomhaí atá ag úsáid drugaí a chuireann leis an bhfeidhmíocht.

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Míniú ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann do ghníomhaí atá ag úsáid drugaí a chuireann leis an bhfeidhmíocht. | **10 marc** |
| Mionsonraí agus cruinneas iontach sa chur síos ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann do ghníomhaí atá ag úsáid drugaí a chuireann leis an bhfeidhmíocht. | 8 – 10 |
| Mionsonraí agus cruinneas maith sa chur síos ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann do ghníomhaí atá ag úsáid drugaí a chuireann leis an bhfeidhmíocht. | 4– 7 |
| Roinnt mionsonraí agus cruinneas a chur síos ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann do ghníomhaí atá ag úsáid drugaí a chuireann leis an bhfeidhmíocht. | 1 – 3 |
| | |

**18 (d)** Déan comparáid idir na bacainní atá roimh **dhá** cheann de na grúpaí seo a leanas maidir le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp:

- Mná
- Daoine fásta scothaosta
- Daoine faoi mhíchumas coirp
- Daoine faoi mhíchumas intleachta
- Grúpaí eitneacha difriúla
- Grúpaí socheacnamaíocha difriúla

| **Cur Síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Comparáid idir na bacainní atá roimh na dhá grúpaí ainmnithe maidir le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp. | **12 mharc** |
| Mionsonraí agus cruinneas an-mhaith curtha ar fáil sa chomparáid idir na bacainní atá roimh na dhá grúpaí ainmnithe maidir le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp. | 10 - 12 |
| Mionsonraí agus cruinneas maith curtha ar fáil sa chomparáid idir na bacainní atá roimh na dhá grúpaí ainmnithe maidir le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp. | 7 - 9 |
| Roinnt mionsonraí agus cruinneas curtha ar fáil sa chomparáid idir na bacainní atá roimh na dhá grúpaí ainmnithe maidir le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp. | 4 - 6 |
| Sonraí teoranta curtha ar fáil. | 1 - 3 |
| | |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 250 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 250 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 187 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 188 - 190 | 18 |
| 191 - 193 | 17 |
| 194 - 196 | 16 |
| 197 - 200 | 15 |
| 201 - 203 | 14 |
| 204 - 206 | 13 |
| 207 - 210 | 12 |
| 211 - 213 | 11 |
| 214 - 216 | 10 |
| 217 - 220 | 9 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 221 - 223 | 8 |
| 224 - 226 | 7 |
| 227 - 230 | 6 |
| 231 - 233 | 5 |
| 234 - 236 | 4 |
| 237 - 240 | 3 |
| 241 - 243 | 2 |
| 244 - 246 | 1 |
| 247 - 250 | 0 |
| | |

## Tionscadal Gníomhaíochta Coirp na hArdteistiméireachta

## Ardleibhéal

## 100 Marc

Tá 20% de na marcanna don Chorpoideachas i Scrúdú na hArdteistiméireachta ag dul don Tionscadal Gníomhaíochta Coirp agus déantar é a mheasúnú ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal. Tá an leagan amach céanna agus na riachtanais chéanna ag an tionscadail ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal araon.

Nóta do scrúdaitheoirí:
Sula gcuireann tú tús leis an marcáil léigh an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp ar fad agus féach ar na trí fhíseán chun dul i dtaithí ar an ábhar a chuirtear i láthair lena mharcáil.
Bí cúramach gan pionós a ghearradh ar ghiorracht sciliúil, ná cúiteamh d'fhad gan údar.
Ní mór ciall a bhaint as na tuairiscíní seo i gcomhthéacs na ndúshlán agus na n-éileamh a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaigh an t-iarrthóir.

Nuair a chuirtear an tionscadal i gcrích i ngníomhaíocht choirp nach gcomhlíonann na riachtanais atá leagtha amach in S63/24, ciallaíonn sé seo nach ndéantar na naisc riachtanacha le gníomhaíocht choirp cheadaithe, agus dá réir sin ní féidir leis an marc a bhronntar a bheith níos airde ná an marc is airde sa bhanda marc don tuairiscín "Réasúnta".

**Scéim Mharcála - Corpoideachas Ardleibhéal - Tionscadal Gníomhaíochta Coirp [100 marc]**

| Roinn A<br>25 marc | Sármhaith | An-Mhaith | Maith | Réasúnta | Dona |
|---|---|---|---|---|---|
| Thart ar 700 focal | Anailís den scoth, nascann gach gné le prionsabail iontaofa na teoirice, tá baint ag gach gné leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Anailís an-mhaith, tá naisc le prionsabail iontaofa na teoirice le feiceáil inti, agus tá baint aici leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Anailís mhaith, tá naisc leis an teoiric le feiceáil inti, agus tá baint aici leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Anailís réasúnta, níl mórán naisc leis an teoiric le feiceáil, teoiric ghinearálta den chuid is mó atá inti gan mórán bainte ná nasc leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Is beag fianaise nó níl fianaise ar bith ann maidir le bunús teoiriciúil, ní bhíonn sé oiriúnach i gcónaí don ghníomhaíocht choirp roghnaithe. |
| | | | | | |
| **Anailís na Feidhmíochta**<br><br>An pictiúr a chuirtear i láthair ar fheidhmíocht i ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Anailís mhionsonraithe agus léirmhíniú ar raon leathan sonraí thar raon leathan gnéithe a théann i bhfeidhm ar fheidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp roghnaithe.<br>Sainaithnítear nasc idir na torthaí agus an fheidhmíocht go leanúnach.<br>Baintear brí shoiléir, chruinn as an eolas agus tá naisc shoiléire leis an ngníomhaíocht choirp agus leis an teoiric roghnaithe. | Anailís agus léirmhíniú ar raon sonraí ó réimsí feidhmíochta éagsúla a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaítear go mion.<br>Sainaithnítear naisc idir na torthaí agus an fheidhmíocht.<br>Baintear brí chruinn as an eolas agus tá naisc leis an ngníomhaíocht choirp agus leis an teoiric roghnaithe. | Déantar anailís agus léirmhíniú ar shonraí cuí ó phríomhréimsí feidhmíochta a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe.<br>Roinnt nasc déanta idir na torthaí agus an fheidhmíocht.<br>Baintear brí as an eolas agus tá roinnt nasc leis an ngníomhaíocht choirp agus leis an teoiric roghnaithe. | Déantar roinnt anailíse ar réimsí cuí feidhmíochta agus baintear beagán brí as sonraí.<br>Baintear brí as an eolas agus tá beagán fianaise ann maidir leis an ngníomhaíocht choirp agus leis an teoiric roghnaithe. | Déantar anailís ach ní dhéantar mórán anailíse ar ghnéithe cuí feidhmíochta ná ní bhaintear mórán brí as sonraí.<br>Baintear brí as an eolas in amanna ach ní dhéantar mórán iarrachta nó ní dhéantar aon iarracht chun nasc a dhéanamh leis an ngíomhaíocht choirp agus leis an teoiric roghnaithe. |
| **20 marc** | **17-20 marc** | **13-16-mharc** | **9-12 mharc** | **5-8 marc** | **1- 4 mharc** |
| | **Maith** | | **Réasúnta** | | **Dona** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Uirlisí anailíse a chur i bhfeidhm**<br><br>Lena n-áirítear cur i láthair sonraí | Tá uirlisí anailíse (tástálacha/modhanna) ábhartha agus úsáidtear go cruinn iad.<br>Cur i láthair sonraí maith. | Úsáidtear na huirlisí anailíse (tástálacha/modhanna) ar bhealach cruinn in amanna.<br>Cur i láthair sonraí réasúnta. | Is beag an úsáid a bhaintear as uirlisí anailíse (tástálacha/modhanna).<br>Cur i láthair sonraí dona. |
| **5 mharc** | **5 mharc** | **3 mharc** | **1 mharc** |

| | |
|---|---|
| **IOMLÁN Roinn A** | **25 Marc** |

| Roinn B<br>45 marc | Sármhaith | An-Mhaith | Maith | Réasúnta/dona |
|---|---|---|---|---|
| Thart ar 450 focal<br>**Tá Sprioc Feidhmíochta ag baint leis** | Naisc den scoth le prionsabail theoiriciúla iontaofa, a bhaineann le Roinn A agus leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Naisc le prionsabail iontaofa na teoirice, a bhaineann le Roinn A agus leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Naisc leis an teoiric le feiceáil a bhaineann le Roinn A agus leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Níl mórán nasc leis an teoiric le feiceáil, d'fhéadfadh roinnt nasc le Roinn A a bheith ann agus iad ginearálta níos mó ná bainteach go sonrach leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. |
| **Sprioc Feidhmíochta ar leith* a bhfuil údar leis** | Sprioc ar leith atá soiléir gonta agus i gcomhréir le SMART nó a mhacasamhail, agus atá bunaithe ar chur i bhfeidhm iontaofa na teoirice agus ar mhionscrúdú críochnúil ar anailís feidhmíochta. Is follas go bhfuil nasc soiléir le torthaí Roinn A.<br>Réasúnaíocht bunaithe ar theoiric agus anailís feidhmíochta iontaofa, a léiríonn eolas agus tuiscint chuimsitheach ar ról na gníomhaíochta coirp roghnaithe agus tuiscint shoiléir ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar an bhfeidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp roghnaithe. Léiriú soiléir ar Roinn A agus ar an ngníomhaíocht choirp. | Sprioc dhúshlánach réalaíoch atá bunaithe ar mhionscrúdú ar anailís feidhmíochta agus ar riachtanais na gníomhaíochta coirp roghnaithe.<br>Réasúnaíocht a léiríonn torthaí Roinn A agus na tosca a théann i bhfeidhm ar fheidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp roghnaithe. | Sprioc atá bunaithe ar mhionscrúdú ar anailís feidhmíochta a rinneadh i Roinn A agus ar riachtanais na gníomhaíochta coirp roghnaithe.<br>Tuigtear ón réasúnaíocht go bhfuil méid áirithe feasachta ar na tosca a théann i bhfeidhm ar fheidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp roghnaithe, nasc éigin le Roinn A atá le feiceáil. | Luaitear an sprioc luaite ach is beag an nasc a dhéantar le hanailís feidhmíochta agus le riachtanais na gníomhaíochta coirp roghnaithe.<br>Tuigtear ón réasúnaíocht nach bhfuil ach beagán eolais/tuisceana ar riachtanais na gníomhaíochta coirp roghnaithe, agus ní thugtar ach naisc dhoiléire le hanailís Roinn A. |
| **4 mharc** | **4 mharc** | **3 mharc** | **2 mharc** | **1 mharc** |

| | An-Mhaith | Maith | Réasúnta | Dona |
|---|---|---|---|---|
| **Plean traenála/cleachtaidh i bhfoirm tábla**<br>A léiríonn an sprioc atá leagtha amach | Fianaise ar thuiscint agus ar chur i bhfeidhm raon leathan prionsabail theoiriciúla. Plean mionsonraithe beacht ábhartha le haghaidh traenála/cleachtaidh. Nasc díreach le toradh na hanailíse feidhmíochta agus leis an sprioc. Réimse leathan coincheap curtha i bhfeidhm. Baineann na gníomhaíochtaí ar fad le feidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp roghnaithe agus léiríonn siad an fheidhmíocht sin. | Fianaise ar raon prionsabail theoiriciúla iontaofa a úsáidtear chun plean cruinn a fhorbairt, tá sé deartha go soiléir chun aghaidh a thabhairt ar an sprioc feidhmíochta a shainaithnítear. Réimse coincheap ábhartha curtha i bhfeidhm. Baineann gníomhaíochtaí le feidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp roghnaithe. | Fianaise ar phrionsabail theoiriciúla iontaofa a úsáidtear chun plean cruinn a fhorbairt, tá sé deartha chun aghaidh a thabhairt ar an sprioc feidhmíochta a shainaithnítear. Réimse coincheap curtha i bhfeidhm. Baineann gníomhaíochtaí leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Roinnt/beagán fianaise ar phrionsabail na teoirice. Ní bhaineann an plean mórán leis an sprioc feidhmíochta a sonraíodh. Úsáidtear coincheapa cuí ó am go chéile ach is ar éigean a bhíonn baint acu in amanna leis an sprioc feidhmíochta nó leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. |
| **7 marc** | **7 marc** | **5 mharc** | **3 mharc** | **1 mharc** |

| | An-Mhaith - Maith | Réasúnta - Dona |
|---|---|---|
| **Réasúnaíocht don phlean traenála/cleachtaidh** | Réasúnaíocht bunaithe ar phrionsabail theoiriciúla iontaofa | Cuireadh cúis ar fáil |
| **(3x2 mharc=) 6 mharc** | **2 mharc** | **1 mharc** |
| | **An-Mhaith - Maith** | **Réasúnta - Dona** |
| **Machnamh ar spriocanna feidhmíochta atá bunaithe ar rannpháirtíocht sa traenáil/chleachtadh** | Machnamh cruinn ar na spriocanna feidhmíochta atá bunaithe ar rannpháirtíocht sa traenáil/chleachtadh. | Roinnt machnaimh ar na spriocanna feidhmíochta atá bunaithe ar rannpháirtíocht sa traenáil/chleachtadh. |

| | | |
|---|---|---|
| **(3x2 mharc=) 6 mharc** | **2 mharc** | **1 mharc** |
| | | |
| **IOMLÁN Roinn B** | **3 x 11 mharc + 6 mharc + 6 mharc = 45 marc** | |

| Roinn C<br>20 marc | Sármhaith | An-Mhaith | Maith | Réasúnta | Dona |
|---|---|---|---|---|---|
| Thart ar 450 focal | Bunaithe ar thuiscint mhion agus ar chur i bhfeidhm raon prionsabail theoiriciúla iontaofa. Déantar iad a chur i bhfeidhm ar Roinn A agus B agus ar an ngníomhaíocht choirp roghnaithe ar bhealach cruinn, omhsheasmhach i gcónaí. | Bunaithe ar thuiscint shoiléir agus ar chur i bhfeidhm na teoirice. Baint le Roinn A agus B agus leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Bunaithe ar thuiscint agus ar chur i bhfeidhm na teoirice. Naisc le Roinn A agus B agus leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Bunaithe ar roinnt tuisceana agus ar chur i bhfeidhm na teoirice. Baint le Roinn A agus B agus leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Beagán fianaise ar chur i bhfeidhm na teoirice ná gan a leithéid a bheith ar fáil. Baint in amanna le Roinn A agus B agus leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. |
| | | | | | |
| **Anailís ar fheidhmíocht iar-thraenála/iar-chleachtaidh** | Anailís chríochnúil ábhartha iar-thraenála ar fheidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp roghnaithe, bunaithe ar an anailís tosaigh agus ar na spriocanna a sonraíodh. Tugtar anailís chuimsitheach a léiríonn naisc chuí leis an teoiric. | Anailís mhionsonraithe iar-thraenála ar fheidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp roghnaithe, agus naisc leis an anailís tosaigh agus leis na spriocanna a sonraíodh. Tugtar réimse torthaí anailíse feidhmíochta agus tá naisc leis an teoiric le feiceáil. | Tugtar anailís iar-thraenála ar fheidhmíocht. Roinnt nasc déanta leis an anailís tosaigh agus leis na spriocanna a sonraíodh, agus naisc leis an teoiric le feiceáil. | Ní thugtar mórán anailíse iar-thraenála ar fheidhmíocht. Sainaithnítear tagairtí spriocanna gan mórán naisc nó nasc ar bith leis an bhfeidhmíocht tosaigh agus leis an teoiric. | Is ar éigean a thugtar aon anailís iar-thraenála ar fheidhmíocht. Is ar éigean a thagraítear do na spriocanna a sonraíodh. Is ar éigean a léirítear naisc leis an teoiric. |
| **10 marc** | **10 marc** | **8 marc** | **6 mharc** | **4 mharc** | **2 mharc** |
| | | | | | |

| | An-Mhaith - Maith | Réasúnta - Dona |
|---|---|---|
| **Machnamh ar thionchar na traenála/cleachtaidh** | Machnamh cruinn ar thionchair na traenála/cleachtaidh. Roinnt tagairtí don fheidhmíocht. | Machnamh in amanna ar thionchair na traenála/cleachtaidh agus ar an bhfeidhmíocht. |
| **5 mharc** | **5 mharc** | **2 mharc** |
| | | |
| | **An-Mhaith - Maith** | **Réasúnta - Dona** |
| **Moltaí do na céad chéimeanna eile d'fheabhas breise** | Tá moltaí do na céad chéimeanna eile d'fheabhas breise ábhartha agus cruinn bunaithe ar thorthaí an tionscadail. | Is beag an tagairt a dhéantar d'fheabhas breise a chur ar fheidhmíocht. |
| **5 mharc** | **5 mharc** | **2 mharc** |
| **IOMLÁN Roinn C** | **20 Marc** | |

| **Comhleanúnachas Foriomlán 10 marc** | **Sármhaith** | **An-Mhaith** | **Maith** | **Réasúnta** | **Dona** |
|---|---|---|---|---|---|
| (Ní cuid ar leith den tionscadal é seo) | Tá comhleanúnachas, cáilíocht agus soiléireacht shármhaith ag baint leis an tionscadal agus tá fianaise anailíse chuí ar fáil agus naisc shoiléire chruinne le prionsabail theoiriciúla iontaofa. Tá an chumarsáid éifeachtach agus déantar taighde maith uirthi. Tá físeáin curtha ar fáil a chuireann leis an tsoiléireacht agus leis an luach, agus tugann siad tacaíocht shoiléir don téacs i ngach ceann de na 3 roinn. | Tá comhleanúnachas, cáilíocht agus soiléireacht an-mhaith ag baint leis an tionscadal agus tá fianaise anailíse chuí ar fáil agus naisc shoiléire chruinne le prionsabail theoiriciúla. Tá an chumarsáid soiléir agus déantar taighde maith uirthi. Tá físeáin curtha ar fáil a chuireann leis an tsoiléireacht agus leis an luach cuid mhaith, agus tugann siad tacaíocht don téacs i ngach ceann de na 3 roinn. | Tá comhleanúnachas agus cáilíocht mhaith ag baint leis an tionscadal agus tá fianaise anailíse chuí ar fáil agus naisc le prionsabail theoiriciúla. Tá an chumarsáid soiléir agus tá fianaise ann go ndéantar taighde uirthi. Tá físeáin curtha ar fáil a chuireann leis an tsoiléireacht, agus tugann siad tacaíocht don téacs i 2 roinn ar a laghad. | Tá roinnt comhleanúnachais, ag baint leis an tionscadal agus tá fianaise anailíse chuí ar fáil agus roinnt nasc le prionsabail theoiriciúla. Tá an chumarsáid soiléir agus tá roinnt fianaise ann go ndéantar taighde uirthi. Tá físeáin curtha ar fáil a chuireann leis an tsoiléireacht, agus tugann siad tacaíocht don téacs i 1 roinn ar a laghad. | Tá beagán comhleanúnachais nó níl comhleanúnachas ar bith ag an tionscadal le beagán fianaise nó gan aon fhianaise ar bith ar fáil agus is beag nasc nó níl nasc ar bith le prionsabail theoiriciúla. Tá an chumarsáid sórt soiléir agus is beag fianaise taighde atá ann, nó níl fianaise ar bith ar aon taighde a bheith ann. Soláthraíonn físeáin, nuair a chuirtear ar fáil iad, beagán luacha nó níl aon luach leo don téacs. |
| **10 marc** | **10 marc** | **8 marc** | **6 mharc** | **4 mharc** | **2 mharc** |
| **Tá 3 fhíseán ag teastáil** | | | | | |
| Físeán Roinn A **agus** Físeán Roinn B **agus** Físeán Roinn C | | | | | |
| Bronn **2** mar uasmharc sa chás **nach mbíonn** físeán ar bith san áireamh<br>Bronn **4** mar uasmharc sa chás nach dtugtar ach **1 fhíseán**<br>Bronn **6** mar uasmharc sa chás nach dtugtar ach **2 fhíseán** | | | | | |

<table>
<tr><th colspan="3">Srianta:</th></tr>
<tr><td>16 íomhá ar a mhéad:<ul><li>4 íomhá ar a mhéad i Roinn A</li><li>8 n-íomhá ar a mhéad i Roinn B</li><li>4 íomhá ar a mhéad i Roinn C</li></ul>[1 shárú amháin ar a mhéad]</td><td>Ní cheadaítear colláisí físeán**<br>Ní cheadaítear colláisí íomhánna **<br>Ní cheadaítear aon íomhánna san fhíseán<br>Ní cheadaítear téacs iomarcach sna híomhánna/ físeáin<br><br>**comparáid taobh le taobh de scil agus teicníc a cheadaítear</td><td>Líon focal 1600<br>Líon leathanach 28<br>Méid an fhíseáin 1GB ar a mhéad<br>Fad an fhíseáin 4 nóiméad ar a mhéad<br>Íomhá den phlean traenála/cleachtaidh i bhfoirm tábla ar cheann de na híomhánna a úsáidtear<br>Níl Leathanach 7 den Teimpléad críochnaithe</td></tr>
<tr><td colspan="3">Bronn 8 marc ar a mhéad má tá 1 shárú amháin ar shrianta ann<br>Bronn 6 mharc ar a mhéad má tá 2+ shárú ar shrianta ann<br>Bronn 4 mharc ar a mhéad má tá 3+ shárú ar shrianta ann</td></tr>
</table>

## Measúnú Feidhmíochta

## Comhleibhéal

## 150 Marc

**Tá dhá ghníomhaíocht ag teastáil i gcás damhsa agus gníomhaíochtaí aclaíochta agus corpacmhainne pearsanta, i snámh dhá bhuille – tá dhá bhuille éagsúla ag teastáil. Sna cásanna seo ní mór an dá ghné a bhaineann leis an bhfeidhmíocht a chur san áireamh agus marcanna á mbronnadh.*

Tá riachtanais shonraithe ag gabháil gach gníomhaíocht aclaíochta ó thaobh na scile agus na dteicnící/modhanna de, déan tagairt do na sonraí a bhaineann le gach gníomhaíocht sula mbronnfar marcanna uirthi. Tá na sonraí ar lgh. 34-45 den tsonraíocht a bhaineann le Corp Oideachas na hArdteistiméireachta.
Ós rud é gur measúnú feidhmíochta é seo, ní bhronntar marcanna ach le haghaidh an méid is féidir leis an scrúdaitheoir a fheiceáil.

**Comhthéacsanna: Feidhmíocht phearsanta, Cleachtadh Iomlán iomaíoch agus/nó Cleachtadh Aclaithe**

**Cás 1:** cluichí, uiscíocht, eachtraíocht, lúthchleasaíocht – fianaise ar: scileanna & teicnící; teaicticí/straitéisí; sábháilteacht; rialacha/rialacháin/cóid chleachtais a bhaineann leis an ngníomhaíocht.

**Cás 2:** damhsa, gleacaíocht – i gcás damhsa, 2 cheann díobh seo a leanas: damhsa aonair; beirte; grúpa. Bíodh an méid seo a leanas san áireamh: cumas agus samhlaíocht léirithe agus scileanna/ teicnící á gcur le chéile a bhfuil baint acu le stíl an imeachta gleacaíochta **NÓ** cumas léirithe i meascán samhlaíoch de ghluaiseachtaí a léiríonn ábaltacht theicniúil sa stíl a bhaineann leis an imeacht damhsa sin; Dearadh comhdhéanaimh agus/nó cóiréagrafaíochta lena n-áirítear úsáid prapaí agus/nó feistis má bhíonn siad oiriúnach; cruthaitheacht; sábháilteacht; rialacha/ rialacháin/cóid chleachtais.

**Cás 3:** aclaíocht & corpacmhainn phearsanta; gné aeróbach **agus** aclaithe ag teastáil – **PRF (1 ghné amháin nó níos mó)** nó **HRF (gnéithe ar fad)**; cuir iad seo leanas i bhfeidhm; prionsabail na traenála, criosanna traenála, tairseacha, bristeacha oibre-bisigh, téamh suas/ fuarú; bídís seo a leanas san áireamh: téamh suas, gníomhaíochtaí forbartha (oiriúnú/forchéimniú); fuarú; sábháilteacht; rialacha/rialacháin/cóid chleachtais i suíomh traenála ábhartha.

| Scil & Teicníc<br>80 marc | | | Sármhaith | Maith | Réasúnta |
|---|---|---|---|---|---|
| | Le haghaidh na ngnéithe ar fad a bhaineann le scil agus teicníc | | **Is gá go léireofaí réimse leathan scileanna/teicnící leagtha amach sa tsonraíocht** | **Is gá go léireofaí réimse scileanna/teicnící leagtha amach sa tsonraíocht** | **Is gá go léireofaí scileanna/teicnící áirithe leagtha amach sa tsonraíocht** |
| An cumas a bheith in ann scileanna & teicnící oiriúnacha a roghnú & a chur i bhfeidhm. | Cuirtear scileanna/ teicnící oiriúnacha/ ábhartha/ cuí i bhfeidhm. Léirítear cruthaitheacht agus feasacht agus scileanna á léiriú. | **15** | Léirítear ón scil a roghnaíodh go bhfuil cumas iontach ag an iarrthóir an scil is oiriúnaí agus is ábhartha do chomhthéacsanna uile na feidhmíochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm. Tá cruthaitheacht le feiceáil agus scileanna á léiriú i gcúinsí dúshlánacha.<br>Déantar oiriúnú ar léiriú na scile de réir mar is gá. | Tá baint ag na scileanna roghnaithe leis an gcomhthéacs feidhmíochta . | Tá baint ag an gcuid is mó de na scileanna roghnaithe leis an gcomhthéacs feidhmíochta. |
| | | | **13-15 mharc** | **8 - 12 mharc** | **1 - 7 marc** |
| An cumas a bheith in ann scileanna & teicnící oiriúnacha a léiriú. | Cruinneas & leanúnachas agus an scil á léiriú (déantar patrún na ngluaiseachtaí i gceart tríd an léiriú ar fad). | **25** | Patrún gluaiseachta cruinne le feiceáil agus leanúnach (déantar an patrún céanna gluaiseachtaí roinnt uaireanta tríd an léiriú) agus na scileanna á léiriú. | Cruinn den chuid is mó agus roinnt mhaith leanúnachais agus an scil á léiriú. | Cruinneas teoranta i scileanna áirithe agus neamhleanúnachas áirithe agus scil á léiriú. |
| | | | **20-25 marc** | **11 - 19 marc** | **1-10 marc** |
| | Smacht & Ligtheacht i bpatrún na ngluaiseachtaí | **25** | Smacht den scoth (agus patrún na ngluaiseachtaí á dhéanamh) agus ligtheacht gluaiseachta (patrún na ngluaiseachtaí a dhéanamh gan aon bhristeacha) le feiceáil agus | Tá smacht agus ligtheacht le feiceáil sna scileanna. D'fhéadfadh roinnt teannais/comhordú ciotach | Smacht teoranta nó gan smacht ar bith agus easpa ligtheachta agus scileanna áirithe á léiriú. |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | scileanna á léiriú. Tá stíl éasca ag baint leis na scileanna a léirítear agus déantar iad a oiriúnú don chomhthéacs feidhmíochta de réir mar is gá. | a bheith le feiceáil sna scileanna. | D'fhéadfadh gluaiseachtaí a bheith snagach/ábhairín ciotach. |
| | | | **20-25 marc** | **11 - 19 marc** | **1-10 marc** |
| | Patrún na ngluaiseachtaí socair faoi bhrú. | **15** | Léirítear socracht i bpatrún na ngluaiseachtaí nuair a léirítear scileanna faoi bhrú agus le linn comórtais. Déileáiltear le brú trí phatrún na ngluaiseachtaí a athrú díreach roimh léiriú na scileanna nó lena linn. | Coimeádtar socracht teicníce sna scileanna nuair a léirítear faoi bhrú iad. | Is beag socracht teicníce le feiceáil nuair a dhéantar scileanna a léiriú faoi bhrú. |
| | | | **13-15 mharc** | **8 - 12 mharc** | **1 - 7 marc** |
| **80 marc** | | | | | |

| Prionsabail imeartha/feidhmíochta, nósanna/teaictící/straitéisí/gnéithe comhdhéanaimh/ceisteanna traenála<br>**20 marc** | | | **Sármhaith** | **Maith** | **Réasúnta** |
|---|---|---|---|---|---|
| Prionsabail imeartha/feidhmíochta agus nósanna gníomhaíochta. | Fianaise go dtuigtear na prionsabail imeartha/feidhmíochta, gur cloíodh leis na nósanna gníomhaíochta. | **10** | Fianaise shoiléir go bhfuil tuiscint shármhaith ar phrionsabail imeartha/chleachtaidh agus ar nósanna a bhaineann go sonrach leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe agus gur cuireadh i bhfeidhm iad. | Fianaise go bhfuil cuid de na prionsabail imeartha/ chleachtaidh agus de na nósanna a bhaineann go sonrach leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe curtha i bhfeidhm. | Fianaise theoranta ar na prionsabail imeartha/chleachtaidh agus nósanna a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaíodh/gur cuireadh i bhfeidhm go lag iad. |
| | | | **10 marc** | **7 marc** | **4 mharc** |
| Déan réimse teaictící/ straitéisí a chur i bhfeidhm & a chur in oiriúint mar fhreagra ar chleachtas aclaithe nó cás iomaíoch. | Úsáid oiriúnach straitéise/ teaictící/ gnéithe comhdhéanaimh/ ceisteanna traenála don ghníomhaíocht Bíonn tionchar dearfach ag an gcinnteoireacht le linn na feidhmíochta ar an bhfeidhmíocht. Cás(anna) ar baineadh úsáid astu a bhí oiriúnach don timpeallacht iomaíoch/ traenála sa ghníomhaíocht. | **10** | Léirítear cinnteoireacht den scoth. Úsáidtear straitéisí/teaictící/ gnéithe comhdhéanaimh/ bearta traenála cuí atá ábhartha don fheidhmíocht i gcúinsí áirithe dúshlánacha. Tá tionchar dearfach ag na nithe seo go léir ar fheidhmíocht. Déantar cás iontach a léiriú agus baineann sé go héasca le timpeallacht iomaíoch/traenála sa ghníomhaíocht roghnaithe. Ní thugtar taispeántas aon fhianaise go bhfuil easpa feasachta nó inoiriúnaitheachta ar an iarrthóir agus an | Úsáidtear cinnteoireacht agus straitéisí/teaictící/ gnéithe comhdhéanaimh/ bearta traenála cuí atá ábhartha don fheidhmíocht i gcúinsí áirithe dúshlánacha. Tá tionchar ábhairín dearfach ag na nithe seo go léir ar fheidhmíocht. Déantar cás a léiriú atá oiriúnach don timpeallacht iomaíoch/traenála sa ghníomhaíocht roghnaithe. Feictear go bhfuil easpa feasachta ar an iarrthóir in amanna agus an ghníomhaíocht roghnaithe á léiriú. | Ní fheictear úsáid agus oiriúnú straitéisí/ teaictící/gnéithe comhdhéanaimh/ceisteanna traenála oiriúnacha rómhinic. Fianaise áirithe ar chinnteoireacht mhaith a bhfuil tionchar dearfach aige ar an bhfeidhmíocht. Bíonn cásanna oiriúnach don ghníomhaíocht roghnaithe de ghnáth. Feictear go bhfuil easpa feasachta ar an |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | ghníomhaíocht roghnaithe á léiriú. | | iarrthóir agus an ghníomhaíocht roghnaithe á léiriú. |
| | | | **10 marc** | **7 marc** | **4 mharc** |

**20 marc**

**Aclaíocht & Corpacmhainn Phearsanta -** gnéithe riachtanacha: Téamh suas, gníomhaíocht aeróbach/anaeróbach traenála, gníomhaíocht aclaithe & friotaíochta, fuarú.
**Damhsa –** gnéithe riachtanacha: damhsa aonair agus beirte/grúpa. **Snámh - 2 bhuille snámha** - Tá 2 bhuille snámha éagsúla ag teastáil.

| **Prionsabail na Feidhmíochta** | **Cur i bhfeidhm/oiriúnú straitéisí** |
|---|---|
| Sa chás nach léirítear **1 ghné** bronn **7 marc ar a mhéad.**<br>Sa chás nach léirítear **2+ ghné** bronn **4 mharc ar a mhéad** | Sa chás nach léirítear **1 ghné** bronn **7 marc ar a mhéad.**<br>Sa chás nach léirítear **2+ ghné** bronn **4 mharc ar a mhéad** |

| **Cur i bhfeidhm na rialacha/rialachán/gcód cleachtais**<br>**10 marc** | | | **Sármhaith** | **Maith** | **Réasúnta** |
|---|---|---|---|---|---|
| Cuir rialacha/rialacháin na gníomhaíochta i bhfeidhm go cruinn.<br>Cloígh leis na cóid chleachtais sa ghníomhaíocht. | Cloítear le rialacha/rialacháin agus le cóid chleachtais na gníomhaíochta. | **10** | Cloítear leis na rialacha/rialacháin agus le cóid chleachtais go léir atá ag an ngníomhaíocht roghnaithe thar gnéithe uile na feidhmíochta. | Tugtar fianaise go ginearálta san fheidhmíocht gur cloíodh le rialacha/rialacháin agus le cóid chleachtais na gníomhaíochta roghnaithe. | Níor cloíodh go rómhaith le rialacha/rialacháin ná le cóid chleachtais na gníomhaíochta roghnaithe. |
| | | | **10 marc** | **7 marc** | **4 mharc** |

**10 marc**

| **Cleachtadh sábháilte**<br>**10 marc** | **Sármhaith** | **Maith** | **Réasúnta** |
|---|---|---|---|

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Cleachtas sábháilte san fheidhmíocht. | Ullmhú sábháilte le haghaidh na gníomhaíochta & chun í a chur i gcrích.<br>Baintear úsáid oiriúnach & shábháilte as an trealamh, déantar cothabháil ar fheisteas agus ar thimpeallacht shábháilte. | **10** | Sár-fhianaise ar chleachtas sábháilte le linn an léirithe. Roghnú cuí de ghníomhaíochtaí chun téamh suas agus fuarú. Maidir le gach beartas sábháilteachta a bhaineann leis an ngníomhaíocht roghnaithe, cloítear leo le linn an léirithe. Úsáidtear trealamh agus áiseanna ar bhealach sábháilte. | Fianaise mhaith ar chleachtas sábháilte le linn an léirithe. Gníomhaíochtaí cuí chun téamh suas agus fuarú. Cloítear le beartais sábháilteachta a bhaineann leis an ngníomhaíocht roghnaithe. Úsáidtear trealamh agus áiseanna ar bhealach sábháilte. | Cleachtas sábháilte le sonrú sa taispeántas. |
| | | | **10 marc** | **7 marc** | **4 mharc** |
| **10 marc** | | | | | |

| Feidhmíocht Iomlán<br>30 marc | | Sármhaith | Maith | Réasúnta |
|---|---|---|---|---|
| | Feidhmíocht chumasach sna riachtanais sonraíochta. Feidhmíocht leanúnach sna gnéithe go léir de riachtanais na sonraíochta. Réimse iomlán scileanna / teicnící san áireamh. Léirítear an cumas feidhmiú faoi bhrú/i gcás dúshlánach. | Léirítear muinín agus cumas sna riachtanais go léir den ghníomhaíocht roghnaithe. Leanúnachas iontach san fheidhmíocht. Léirítear na scileanna/teicnící go léir i gcúinsí dúshlánacha/iomaíocha a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. Cuirtear fianaise shoiléir mhionsonraithe ar fáil a léiríonn feidhmíocht den scoth i gcomhthéacsanna éagsúla a bhaineann leis an ngníomhaíocht roghnaithe. Léiríodh an leagan iomlán den ghníomhaíocht roghnaithe, má bhí dóthain ama ann. Nuair nach raibh dóthain ama ann, rinneadh gach gné ábhartha de a léiriú go cuimsitheach. | Léirítear cumas sna riachtanais go léir den ghníomhaíocht roghnaithe. Leanúnach sa chuid is mó de ghnéithe na feidhmíochta. Léirítear na scileanna/teicnící i gcúinsí dúshlánacha/iomaíocha a bhaineann leis an ngníomhaíocht roghnaithe. Cuirtear fianaise shoiléir ar fáil a léiríonn feidhmíocht i gcomhthéacsanna a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. Léiríodh an leagan iomlán den ghníomhaíocht roghnaithe, má bhí dóthain ama ann. Nuair nach raibh dóthain ama ann bhí gnéithe ábhartha den fheidhmíocht le feiceáil. | Léirítear cumas i roinnt riachtanais den ghníomhaíocht roghnaithe. Feidhmíocht réasúnta leanúnach. Léirítear scileanna/teicnící i gcás iomaíoch nó dúshlánach a bhfuil baint acu leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. Ní chuirtear ach beagán fianaise ar fáil a léiríonn feidhmíocht i gcomhthéacsanna a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. |
| | **30 marc** | **25-30 mharc** | **13-24 mharc** | **1-12 mharc** |
| **30 marc** | | | | |

<table>
<tr><td colspan="6">Cuir gach ceann de na nithe seo a leanas san áireamh le do thoil sula mbronnann tú marc don Fheidhmíocht Fhoriomlán</td></tr>
<tr><td colspan="6">Feidhmíocht Neamhchríochnaithe</td></tr>
<tr><td colspan="3">Aclaíocht agus Corpacmhainn Phearsanta: sa chás nach léirítear gné amháin, bronn 12 mharc ar a mhéad.</td><td colspan="3">Damhsa: sa chás nach dtugtar dhá thaispeántas bronn 12 mharc ar a mhéad.</td></tr>
<tr><td colspan="3">Uiscíocht: Sa chás nach léirítear 2 bhuille snámha éagsúla, bronn 12 mharc ar a mhéad.</td><td colspan="3">Comórtais Faiche - Lúthchleasaíocht (léimeanna & Caithimh): Sa chás nach ndéantar 3 iarraidh, bronn 12 mharc ar a mhéad.</td></tr>
<tr><td colspan="6">Na Gníomhaíochtaí ar Fad: 3+ scil/teicníc liostaithe ar shonraíocht nár cuireadh i gcrích, bronn 12 mharc ar a mhéad.</td></tr>
<tr><td colspan="2">Sáruithe: I gcás 1 shárú, bronn 24 marc ar a mhéad;</td><td colspan="2">I gcás 2 shárú, bronn 18 marc ar a mhéad;</td><td colspan="2">I gcás 3+ shárú, bronn 12 marc ar a mhéad.</td></tr>
<tr><td colspan="2">Ní cheadaítear anailís/téacs lasmuigh de na sleamhnáin/den ghuthú/den cheol atá ceadaithe. *Ceadaítear ceol le haghaidh dreasa damhsa & urláir sa ghleacaíocht; ceadaítear fotheidil bhunúsacha. Ní cheadaítear téacs gluaisteach. Téann an téacs isteach ar radharc an iarrthóra.<br><br>Fad an fhíseáin 8nóim ar a mhéad<br>Ní cheadaítear luas an fhíseáin a athrú.<br>Ní cheadaítear grianghraif – seachas grianghraf aitheantais<br>Ní cheadaítear meascáin d’fhíseáin<br><br>Ní mór don ábhar ar an Sleamhnán Réamhrá a bheith i gcomhréir leis na riachtanais*<br>Ní mór don Sleamhnán Aitheantais a bheith i gcomhréir leis na riachtanais<br><br>Ní mór an ghníomhaíocht choirp cheart don Mheasúnú Feidhmíochta a bheith luaite sa sleamhnán réamhrá<br>Ní mór a lua sa sleamhnán réamhrá go ndéantar an Measúnú Feidhmíochta agus an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp i raonta éagsúla de ghníomhaíochtaí coirp<br><br>Líon na dtéacs-shleamhnáin: Ní cheadaítear ach 2 cheann de shleamhnáin éigeantacha + 4 cinn ar a mhéad de shleamhnáin roghnacha.<br><br>Ní mór don iarrthóir a bheith inaitheanta go soiléir le linn an taispeántais</td><td colspan="2">Riachtanais Gníomhaíochta Coirp<br><br>Caithfear scileanna/teicnící liostaithe ar shonraíocht a chur i láthair: ní cheadaítear 1-2 scil a fhágáil amach.<br><br>Lúthchleasaíocht<br>Ní mór na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sa sleamhnán réamhrá:<br>• An t-am a tógadh agus an t-achar a ritheadh - más é imeacht reathaíochta atá i gceist.<br>• Airde na gcliath agus líon na gcliath - más é cliathrás atá i gceist.<br>• Meáchan na huirlise agus an fad /na faid a caitheadh í i gcás gach ceann de 3 iarraidh ar chaitheamh - más é imeacht caithimh atá i gceist.<br>• Fad/airde a léimeadh i gcás gach ceann de 3 iarraidh ar léimneach - más é imeacht léimní atá i gceist.<br>Uiscíocht<br>• Ní mór an réimse uiscíochta a bheith luaite sa sleamhnán réamhrá, agus an dá bhuille snámha roghnaithe san áireamh más cuí.<br>• Ní mór an fad a snámhadh agus an t-am a thóg sé a bheith luaite sa sleamhnán réamhrá.</td><td colspan="2">Gleacaíocht<br>• Ní mór rithimeach nó aeistéitiúil a bheith luaite sa sleamhnán réamhrá.<br><br>Aclaíocht & corpacmhainn phearsanta<br>• 3 iarraidh ar a laghad in aghaidh gach cleachtaidh.<br>• Oiriúnú & forchéimniú maidir le gach cleachtadh sa ghné aclaithe & friotaíochta.<br>• An t-ord atá ag teastáil: Téamh suas, gníomhaíocht aeróbach, gníomhaíocht aclaithe & friotaíochta, fuarú.<br>• * Ní mór na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sa sleamhnán réamhrá:<br>- Gné den chorpacmhainn, m.sh. Corpacmhainn a bhaineann leis an tSláinte (HRF) nó Corpacmhainn a bhaineann leis an bhFeidhmíocht (PRF).<br>- An ghníomhaíocht choirp a bhaineann leis an gclár, sa chás go roghnaíonn an t-iarrthóir PRF.<br>- An modh roghnaithe le haghaidh traenáil aeróbach.<br>- An modh roghnaithe le haghaidh na gníomhaíochta aclaithe/friotaíochta.</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| **Níl cead ag iarrthóirí a gcuid éadaigh aitheantais a athrú.**<br>*snámh marthanais<br><br>**Léiriú Amháin:** an léiriú amháin is fearr ag teastáil. Tá taispeántas iomlán gan aon eagarthóireacht déanta air ag teastáil, má tá dóthain ama ann, i.e. <8min. | **Damhsa**<br>• Ní mór seánra/stíl an damhsa a bheith luaite sa sleamhnán réamhrá. | **Sleamhnán réamhrá – seiceáil na riachtanais a bhaineann go sonrach leis an ngníomhaíocht choirp* |

| |
|---|
| **Damhsa** – cuirtear an taispeántas aonair agus an taispeántas grúpa le chéile le haghaidh bronnadh marcanna, cuir an dá dhamhsa san áireamh le do thoil agus marcanna á mbronnadh.<br>**Aclaíocht & corpacmhainn phearsanta –** cuir gach gné den taispeántas san áireamh agus marcanna á mbronnadh. **Snámh – 2 bhuille snámha** – cuir an 2 bhuille snámha san áireamh agus marcanna á mbronnadh. |

| |
|---|
| **Líon iomlán na marcanna= 150** |